
## Comórtas Amhrán Nua-chumtha Pan Cheilteach 2012



Tá na socruithe agus an phleanáil faoi lán seoil don Fhéile Idirnáisiúnta Phan Cheilteach 2012 a bheidh ar siúl i gCeatharlach i mí Aibreáin. Tá beartaithe go mbeidh an comórtas idirnáisiúnta amhrán nua-chumtha ar cheann de bhuaicphointí na féile. Tá coiste na féile ag glacadh le hiarratais d'iontráil na hÉireann ó chumadóirí ceoil faoi láthair ach ní mór brostú mar 'sé 5.00i.n. ar an Aoine, 20ú Eanair an spriocdháta. Déanfar gearrliosta de na hiontrálacha is fearr agus roghnófar amhrán na hÉireann ag an gcomórtas náisiúnta a reachtálfar ins an Óstán Seven Oaks i gCeatharlach ar an Déardaoin 8 Márta ag 7.30i.n. Cuirfidh an pearsa teilifíse Daithí Ó Sé na hamhráin i láthair don phobal agus beidh Ollie Hennessy ina stiúrthóir ceoil don ócáid mhór. Tá IMRO i gcomhar le Gael Linn ag déanamh urraíochta ar an gcomórtas agus bronnfar duais €1,000 ar an mbuaiteoir naisiúnta. Rachaidh sé nó sí san iomaíocht leis na hamhráin nua-chumtha ó na tíortha ceilteacha eile ag an bhFéile Idirnáisiúnta Pan Cheilteach a bheidh ar siúl i gCeatharlach ó 10-15 Aibreán agus bronnfar duais €1,500 maille leis an trófaí Pan Cheilteach ar an mbuaiteoir idirnáisiúnta. Tá an comórtas oscailte d'amhráin thraidisiúnta, do phopamhráin, d'amhráin tíre agus d'amhráin rac cheiltigh ach is gá na focail agus an ceol a bheith nua-chumtha agus a bheith i nGaeilge. Tá rialacha uile an chomórtais agus foirmeacha iarratais ar fáil ar shuíomh greasáin www.panceltic.ie nó is féidir glaoch ar oifig Pan Cheilteach i gCeatharlach ar 059 9158105, 087 2857048.

# Glór Cheatharlach

# Lá an Dreoilín

D'éirigh go hiontach leis an Dreoilín i mbliana i mbaile Cheatharlach. Bhí slua mór idir fhir is mná gléasta go cuí páirteach sa nós traidisiúnta atá faoi lán seoil sa bhaile ó athbunaiodh é deich mbliana ó shin. Iad ag damhsa seiteanna, ag canadh carúil Nollag, ag bualadh steipeanna an tsean-nóis agus ag bailiú airgid ar mhaithe le Cúram Bhaile Cheatharlach/Cill Chainnigh. Ar Lá le Stiofán, lá an dreoilín, thug an grúpa de cheoltóirí, rinceoirí agus amhránaithe cuairt ar Ospidéal an Chroí Naofa agus chuir idir fhoireann agus othair fíorchaoin fáilte rompu.

Ar aghaidh leis an seó bríomhar ansin chuig scata de thithe tábhairne áit a raibh idir bhainistíocht agus custaiméirí ag súil go mór leis an siamsaíocht agus an spraoi. B'iontach chomh fial flaithiúil is a bhí daoine i dtráth seo na géirchéime eacnamaíochta agus bailiodh €500 ar mhaithe le Cúram Bhaile taobh istigh de chúpla uair a chloig. Leanadh leis an gceiliúradh ag Céilí Mór na Nollag a reachtáladh i gClub CLG Chnoc Arda áit a deineadh seiteanna go maidin agus an ceol á sholáthar ag banna céilí Bhrian Ború.

Nollaig eile! Dreoilín eile! Agus an dreoilín bocht saor go ceann bliana. Go mbeirimid, chomh maith leis an dreoilín, beo ar an am seo arís!



**Dreoilín Cheatharlach ag damhsa sa dorchadas**

# Leabhar Filíochta Dheirdre seolta

Seoladh leabhar filíochta eile leis an bhfile áitiúil Deirdre Brenna ag ócáid speisialta a d'eagraigh Glór Cheatharlach roimh Nollaig i dTeach Dolmain. Leabhar dhátheangach dar teideal "Hidden Places: Scathán Eile" atá ann le dhá chnuasach filíochta, ceann i nGaeilge agus ceann i mBéarla.

'Sí Caitlín Mhic Cárthaigh, iarphríomhoide Ghaelcholáiste Cheatharlach, a sheol an leabhar agus dúirt sí gurbh onóir mhór di an gnó a dhéanamh. Dúirt sí go raibh ardmheas aici ar fhilíocht Dheirdre tar éis di blianta a chaitheamh ag múineadh dánta leis an bhfile a bhí ar chúrsa na hardteistiméireachta.

Is scribhneoir dátheangach í Deirdre – filíocht, gearrscéalta agus drámaí foilsithe aici thar tríocha bliain. Rugadh í i mBaile Átha Cliath. Bhain sí céim amach sa Bhéarla agus Laidin agus ina dhiaidh sin, an tArd-Teastas san Oideachas.

I measc na dtéamaí atá pléite as Gaeilge agus as Béarla in "Hidden Places: Scathán Eile" tá an aois, tírdhreach, an nead folamh, foréigean, éagnú, eisimirce agus deoraíocht. Mar a dúirt Caitlín faoin bhfilíocht "Ní bhíonn eagla riamh ar Dheirdre roimh rud ar bith – is cuma cén tuairim atá ag daoine eile!"


Tá clúdach crua ar an leabhar maisithe le pictiúr álainn ag an ealaíontóir clúiteach Pauline Bewick. Foilsithe ag Arlen House tá cóipeanna den leabhar ar fáil @ €15 ó oifig Glór Cheatharlach ag emma @glorcheatharlach.ie nó cuir glaoch ar 059 9158105 nó 085 1340047.



**Deirdre Brennan agus a leabhar nua "Hidden Places: Scathán Eile"**



**Eoin Keenan and Tony Whelan at the recent CBS reunion**



**John Hegarty, Seamus Creed and Dermot Geoghegan pictured at the CBS reunion**

**Gach eolas ar imeachtaí Gaeilge ó:**

**Glór Cheatharlach**

Sráid an Choláiste, Ceatharlach

(059) 9158105 / (085) 1340047

eolas@glorcheatharlach.ie www.glorcheatharlach.ie

Cuardaigh Glór Cheatharlach ar Facebook!